2024/1803

25.6.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/1803 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/1804 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití [1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/2309 [2], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/2309, tugtar éifeacht do Chinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle [3] agus déantar foráil maidir le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine áirithe arna n-ainmniú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe nó ag Coiste Smachtbhannaí ábhartha na Náisiún Aontaithe mar dhaoine atá freagrach as foréigean droinge, gníomhaíochtaí coiriúla nó sáruithe ar chearta an duine, nó as gníomhaíocht eile a dhéanamh a bhaineann an bonn de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití agus an réigiúin, mar dhaoine a bhíonn ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin nó mar dhaoine a bhíonn ag tacú leo.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle [4], bunaítear critéir chomhlántacha ar ar a mbonn is féidir leis an Aontas toirmisc taistil, reo sócmhainní agus toirmisc eile a chur i bhfeidhm go neamhspleách chun acmhainní a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí ('bearta comhlántacha'). Ina theanna sin, le Cinneadh (CBES) 2023/1574, suitear go bhfuil feidhm le bheith ag an díolúine dhaonnúil ó na bearta reoite sócmhainní de bhun Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('UNSCR') maidir leis na bearta comhlántacha freisin.

(4) An 24 Meitheamh 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1804, lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir le Rún 2699 (2023). Le Cinneadh (CBES) 2024/1804, cuirtear trádbhac arm a bhaineann le mionairm, airm éadroma agus armlón atá le cur i bhfeidhm ar fud chríoch Háití ina hiomláine in ionad an trádbhaic spriocdhírithe arm a bhaineann le mionairm agus ábhar gaolmhar atá le chur i bhfeidhm maidir le daoine nó eintitis áirithe.

(5) Tagann roinnt de na leasuithe faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2024/1804, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na leasuithe sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/2309 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/2309:

'*Airteagal 2*

1. Toirmeascfar an méid seo a leanas a dhéanamh:

[1] IO L, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1804/oj.
[2] Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 307, 28.11.2022, lch. 17).
[3] Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 307, 28.11.2022, lch. 135).
[4] Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 192, 31.7.2023, lch. 21).

(a) cúnamh teicniúil a sholáthar i ndáil le mionarm agus airm éadroma, a gcomhpháirteanna agus a ngabhálais, agus a n-armlón a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle (*), mar aon le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus a n-armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ón gComhairle (**), a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil agus a úsáid, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i Háití, nó lena n-úsáid i Háití;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith le hárachas agus athárachas, le haghaidh aon díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú ítimí a luaitear in pointe (a), nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i Háití, nó lena n-úsáid i Háití.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le cúnamh teicniúil, maoiniú nó cúnamh airgeadais dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a sholáthar do na Náisiúin Aontaithe nó do mhisean arna údarú ag na Náisiúin Aontaithe nó d'aonad slándála a oibríonn faoi cheannas Rialtas Háití, a bhfuil sé beartaithe go n-úsáidfidh na heintitis sin iad nó go n-úsáidfear i gcomhar leis na heintitis sin iad, agus arb é is aidhm dóibh cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn, agus é sin amháin.

(*) Cinneadh (CBES) 2021/38 ón gComhairle an 15 Eanáir 2021 lena mbunaítear cur chuige comhchoiteann maidir le heilimintí deimhnithe úsáideora deiridh i gcomhthéacs onnmhairiú mionarm agus armán éadrom agus a n-armlóin (IO L 14, 18.1.2021, lch. 4).

(**) Rialacháin (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES